

Cúlra agus Stair an Tionscadail



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Siollabas Nua Gaeilge don Chéad Bhliain Ollscoile

John Walsh & Máirín Nic Eoin

Cúlra an Tionscadail: Bunú na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Ní raibh riamh an oiread mac léinn ag gabháil don Ghaeilge ar an tríú leibhéal is atá faoi láthair. Tá méadú an-mhór tagtha ar líon na mac léinn Gaeilge ar na cúrsaí traidisiúnta BA sna coláistí ollscoile (Mac Mathúna 2003; Ní Loingsigh 2009); tá buíonta móra ag gabháil do na cúrsaí acadúla agus do na cúrsaí gairmiúla sa Ghaeilge sna coláistí oideachais (Nic Eoin 2009; Ní Mhuirthile 2009); agus tá raon leathan de chúrsaí nua ar fáil, ina measc cúrsaí dlí, cúrsaí gnó, cúrsaí i gcúram leanaí, a bhfuil modúil Ghaeilge mar chuid dhílis díobh (Ó Duinnshléibhe 2003; Buttimer 2004; Ó hIfearnáin & Ní Loingsigh 2009). Tá méadú mór tagtha freisin ar líon na mac léinn atá ag gabháil do chúrsaí Gaeilge ar an tríú leibhéal in ollscoileanna thar lear (Ó Conchubhair 2008; Ó Cuív 2008), agus tá an ghluaiseacht i dtreo an mhodúlaithe in earnáil an ardoideachais trí chéile tar éis cineálacha nua cúrsaí agus cineálacha nua mac léinn Gaeilge a chruthú, mic léinn ó chúlraí éagsúla teanga a bhfuil conairí éagsúla léinn agus gairme roghnaithe acu (Uí Chollatáin 2009). Is ábhar dóchais dúinn ar fad an méadú suime seo sa teanga san oideachas ardleibhéil, ach is dúshlán dúinn freisin freastal ar riachtanais foghlama na mac léinn uile atá ag teacht inár dtreo mar fhochéimithe. Tá idir éagsúlacht cúlra, éagsúlacht cumais agus éagsúlacht sprice i gceist, agus tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeimis soiléir maidir le cuspóirí acadúla ár gcuid cúrsaí, maidir leis na hinniúlachtaí atá le forbairt agus maidir leis na torthaí foghlama atá le baint amach ag na mic léinn (Nic Pháidín 2004). Is minic inní á léiriú faoi chaighdeán teanga na mac léinn agus iad ag teacht isteach sna coláistí tríú leibhéal, agus inní á léiriú freisin faoin gcaighdeán atá á bhaint amach acu le linn a gcúrsa léinn (Mac Mathúna 2003; Ó Murchadha 2004). Léiríonn taighde agus tuarascálacha faoin nGaeilge sna scoileanna go bhfuil ceisteanna le tógáil maidir le hinniúlacht teanga na múinteoirí atá ag feidhmiú sa chóras (Harris et al. 2006: 126-37; An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2002; An Chigireacht 2007; Council of Europe/ an Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2007), múinteoirí a bhain a gcuid dintiúirí teanga amach inár gcuid ollscoileanna agus coláistí oideachais. Tá riachtanais an phobail teanga le cur san áireamh freisin agus freagracht ar na coláistí tríú leibhéal

maidir le daoine gairmiúla a oiliúint a fhreastalóidh ar phobal na Gaeilge i réimsí éagsúla den saol, ó chúram leanaí go dtí seirbhísí oifigiúla aistriúcháin agus teangaireachta agus sainseirbhísí do phobail na gceantar Gaeltachta (Ó Duinnshléibhe 2003; Ó Cinnéide 2004). Tá éileamh níos mó ná riamh anois ar chéimithe Gaeilge d'ardchaighdeán má táthar leis na riachtanais oifigiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla agus stádas oifigiúil oibre na Gaeilge san Aontas Eorpach a chomhlíonadh (Ó hIfearnáin 2004). Tá na ceisteanna seo beo ar fud an oileáin, agus socruithe ar leith le déanamh do theagasc na Gaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla institiúide agus stáit (féach, mar shampla, na hait in Kirk & Ó Baoill 2002; Knipe & Ó Labhraí 2004; Ó Baoill 2009).

Is éard atá curtha romhainn againn san aiste seo ná cuntas a thabhairt ar thionscadal idir-institiúideach atá tar éis teacht chun cinn go horgánach le bliain nó dhó anuas, tionscadal a d'eascair as an tuiscint gur mhithid do phobal Léann na Gaeilge teacht ar bhealaí cruthaitheacha agus ar bhealaí éifeachtacha le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn maidir le freastal cuí a dhéanamh ar cheist theagasc na teanga inár gcoláistí tríú leibhéal. Is é an tionscadal atá i gceist ná Tionscadal Siollabais na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal, tionscadal arb é an bunphrionsabal atá taobh thiar de an tuiscint gur gné lárnach dár gcúram mar phobal Léann na Gaeilge é teagasc na teanga.

Má fhéachaimid siar ar stair theagasc na Gaeilge sna coláistí tríú leibhéal le tríocha bliain anuas, feicimid go raibh tréimhsí ann nuair a bhí comhghuaillíocht agus comhoibriú rialta idir foireann na gcoláistí tríú leibhéal agus eagraíochtaí eile a raibh teagasc na teanga mar chúram orthu. Ba léachtóirí i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, mar shampla, a chuir na heagrán tosaigh d'iris Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, *Teagasc na Gaeilge* (eagrán 1-6), in eagar, agus is mar chomhghuaillíocht idir pobal acadúil na teangeolaíochta feidhmí agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge atá an iris á foilsiú le blianta beaga anuas (eagrán 7-9). Ba chomhfhiontar idir Institiúid Teangeolaíochta Éireann agus na coláistí oideachais an taighde a rinneadh ar earráidí scríofa mac léinn Ardteiste ag deireadh na seachtóidí (Ó Domhnalláin & Ó Baoill 1978, 1979; Ó Baoill 1981), taighde as ar eascair an téacsleabhar gramadaí *Úrchúrsa Gaeilge* (Ó Baoill & Ó Rónáin 1980, 1982; Ó Baoill & Ó Tuathail, 1992). Ba chomhfhiontar idir na coláistí de chuid Ollscoil na hÉireann an fiontar idir-

institiúideach as ar eascair na cúrsaí i labhairt na Gaeilge *Dúshraith, Forás agus Céim ar Chéim* sna nóchaidí. Ba chomhfhiontar idir Coiste Léann na Gaeilge d'Acadamh Ríoga Éireann agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge an chomhdháil 'Múineadh na Gaeilge ar an Dara Leibhéal agus ar an Tríú Leibhéal: Cleachtais agus Riachtanais' a tionóladh i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, i Samhain na bliana 2001. D'aithin Cathal Ó Háinle, ina aitheasc oscailte ag an gcomhdháil sin, an dúshlán mór a bhí os ár gcomhair an uair sin: 'Is toisc go dtuigtear dúinn ar fad go bhfuil easláinte áirithe ag baint le múineadh na Gaeilge atáimid tar éis teacht le chéile inniu, agus is léir i bhfianaise líon na gcainteanna atá le tabhairt inniu agus a n-éagsúlacht nach bhfuil leigheas simplí ar an easláinte sin.' (2003: 11). Thagair Ó Háinle do dhá ghné den scéal go háirithe: meon na mac léinn maidir le sealbhú na Gaeilge, agus an gá leanúnach a bhí ann 'na siollabais agus na córais mheasúnaithe a fheabhsú' (Ibid.: 13). Chuir Lillis Ó Laoire torthaí taighde ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal i láthair ag an gcomhdháil chéanna, cuntas a dhírigh ar líon na n-uaireanta teagaisc, ar chúrsaí siollabais agus áiseanna teagaisc, ar úsáid teanglainne, ar chleachtadh na Gaeilge taobh amuigh den rang, ar chúrsaí Gaeltachta, ar chúrsaí measúnaithe agus ar chórais tacaíochta foghlama (Ó Laoire 2003). Cé gur shoiléirigh caint Uí Laoire na hábhair inní ba mhó a tháinig chun cinn sa taighde, agus gur luadh go sonrath na réimsí ba mhó ar ghá aghaidh a thabhairt orthu, níor eascair aon tionscnamh ar leith as imeachtaí na comhdhála áirithe sin. Ba é comhthéacs fhorbairt na hollscolaíochta Gaeilge i gcoitinne ba bhun leis an gcomhdháil a d'eagraigh FIONTAR in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2003, comhdháil a dhírigh ar sholáthar cúrsaí tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge i réimsí éagsúla léinn (Nic Pháidín & uí Bhraonáin 2004). I 2005, reáchtáil Conradh na Gaeilge comhdháil ar cheist na dteangacha i gcóras oideachais na hÉireann, ar ghlac idir shaineolaithe Éireannacha agus idirnáisiúnta páirt inti (Conradh na Gaeilge 2005). Cé gur ar an dara leibhéal a bhí an chomhdháil dírithe den chuid is mó, tá impleachtaí tromchúiseacha ag an díospóireacht sin don tríú leibhéal, dar ndóigh. Phléigh beirt chainteoirí gnéithe d'oiliúint an mhúinteora bunscoile nó an mhúinteora teanga (Máirtín 2005; Ruane 2005).

Nuair a reáchtáil Coiste Léann na Gaeilge d'Acadamh Ríoga na hÉireann seimineár lae ar thodhchaí Léann na Gaeilge ar an tríú leibhéal ag deireadh mhí Feabhra 2007, ba léir go raibh go leor dá raibh i láthair buartha faoi chaighdeán na teanga féin agus

faoin ról a bheadh ag teagasc na teanga i bhforbairt Léann na Gaeilge mar réimse léinn sna hollscoileanna agus sna coláistí tríú leibhéal i gcoitinne sna blianta atá amach romhainn. Phléigh údair an ailt seo an scéal go neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe in institiúidí éagsúla ina dhiaidh sin agus tháinig borradh faoin tuiscint gur cheart aghaidh a thabhairt ar cheist theagasc na Gaeilge ar shlí chomhtháite, eagraithe. Aithníodh go raibh ceist mhúineadh na teanga tar éis teacht chun cinn sa phróiseas dearbhaithe feabhais i gcoláistí éagsúla, agus go raibh go leor le gnóthú dá bhféadfadh coláistí dul i mbun comhoibrithe lena chéile.

Nuair a d'fhógair an tÚdarás um Ard-Oideachas babhta maoinithe de chuid an Chiste um Nuáil Straitéiseach (an 'SIF') – chun tionscadail nuálacha oideachais a mhaoiniú ar an tríú leibhéal - ag deireadh mhí Lúnasa 2007, aithníodh go raibh deis, faoin scéim sin, maoiniú a fháil chun forbairt a dhéanamh ar shiollabas agus ar acmhainní teagaisc agus foghlama teanga don Ghaeilge in ollscoileanna uile na tíre. Rinneadh iarracht comhghuaillíocht idir-institiúideach a bhunú agus ceist an chómhaoinithe a thógáil sna hinstitiúidí a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach.¹ Theip ar an iarracht meitheal nó grúpa oibre a chur le chéile an uair sin, áfach, de cheal ama d'fhonn struchtúr ceart tacaíochta agus cómhaoinithe a bhunú. Ag féachaint siar anois dúinn, is léir nach bhféadfaí meitheal láidir, chomhaontaithe a chur le chéile in achar gairid ama. Os a choinne sin, cuireadh an síol an uair sin agus níorbh fhada gur thosaigh na bachlóga ag péacadh aníos.

Bhí ceist an tsiollabais tar éis teacht chun cinn i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, i gcomhthéacs an phróiseas dearbhaithe feabhais sa Choláiste, próiseas a raibh comhghleacaithe ó institiúidí eile tríú leibhéal rannpháirteach ann mar phiarmheasúnóirí. Ba as an gcomhthéacs sin a eagraíodh fóram náisiúnta, 'Teagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal: Fóram Plé agus Pleanála', i gColáiste Phádraig i mí Feabhra 2008. Bhí freastal an-mhaith ar an bhfóram, le hionadaithe i láthair ón gcuid is mó de na hollscoileanna agus na hinstitiúidí tríú leibhéal sa tír ina bhfuil an Ghaeilge á múineadh, chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí mar Chomhar na Múinteoirí Gaeilge, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus Foras na Gaeilge. Thug cainteoirí ó na coláistí éagsúla cuntas ar struchtúr agus ar

¹ Ba é John Walsh in Ollscoil na hÉireann Gaillimh a thionscain an iarracht seo, le cabhair ó Mháirín Nic Eoin i gColáiste Phádraig, Droim Conrach/Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

ábhar na gcúrsaí teanga ina n-institiúidí féin, agus tugadh spléachadh ar chineál na n-acmhainní teagaisc agus foghlama a bhí in úsáid ó choláiste go coláiste. Ba léir ón bhfaisnéis a cuireadh ar fáil gurbh é an téacsleabhar gramadaí eithne lárnach an tsiollabais teanga in an-chuid institiúidí tríú leibhéal go fóill. Ba léir freisin, áfach, gur tuigeadh nár leor siollabas gramadaí le scileanna teanga na mac léinn a fhorbairt, agus go raibh fianaise go leor ann nach raibh ag éirí lena leithéid de shiollabas torthaí sásúla foghlama a bhaint amach. Thug saineolaithe i réimse na teangeolaíochta feidhmí léachtaí ar an bhFráma Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha, ar dhearadh siollabais, ar an ngaol idir na siollabais Ghaeilge ar an dara agus ar an tríú leibhéal, ar an teagasc ríomhchuidithe teanga agus ar fhorbairt acmhainní ilmheáin Gaeilge (féach Ní Fhrighil & Nic Eoin 2009). Aithníodh ón bplé le linn na comhdhála go raibh na fadhbanna céanna ag go leor de na coláistí, ach léiríodh freisin an éagsúlacht taithí agus an éagsúlacht comhthéacs ó choláiste go coláiste agus ilghnéitheacht na ndúshlán ó chúrsa go cúrsa. Luadh na dúshlán a bhain leis na cúrsaí nua a bhí ag teacht ar an bhfód i gcoláistí áirithe, agus na deacrachtaí praiticiúla a bhain le heaspa acmhainní, le heaspa ama, le deacrachtaí sceidealaithe agus le líon mór na mac léinn i gcoláistí eile. Aontaíodh ag an bhFóram gur mhaith an rud é dul i mbun comhoibrithe d'fhonn siollabas nua a fhorbairt don tríú leibhéal, agus socraíodh go mbunófaí Meitheal Oibre a thabharfadh faoin obair sin gan mhoill. Aontaíodh gur ar an mbonn teoiriciúil atá faoin bhFráma Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha (Modern Language Division, Strasbourg 2001; Ní Ghallachair 2009) a bhunófaí an siollabas nua, agus go mbeadh an cur chuige bunaithe ar an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas i dteagasc agus i bhfoghlaim teangacha. Seachas tabhairt faoin thionscadal siollabais trí bliana, beartaíodh go mbeadh sé níos réadúla díriú, ar an gcéad dul síos, ar shiollabas don chéad bhliain ollscoile. Ba ghá foinsí maoinithe a aimsiú don obair sin agus, chun na críche sin, ceapadh John Walsh agus Máirín Nic Eoin mar Chomhstiúrthóirí ar ghrúpa oibre a dtabharfaí an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal uirthi go luath ina dhiaidh sin.

Ba léir dúinn, dá mbeadh rath le bheith ar an obair, go dteastódh struchtúr cinnte, soiléir a tharraingeodh ar na réimsí éagsúla saineolais a tháinig chun cinn le linn an fhóraithe. Cé go bhfuil coincheap seanbhunaithe na Meithle lárnach san eagraíocht atá bunaithe againn (le béim ar an gcomhoibriú, ar an rannpháirtíocht, ar roinnt agus ar mhalartú eolais agus taithí) tuigeadh dúinn go raibh gá le struchtúr éifeachtach a

chinnteodh go mbeadh stiúir chinnte faoin obair, go dtiocfaimis i dtír ar shaineolas agus ar shaintaithí, agus go n-éascófaí cúrsaí cumarsáide idir na rannpháirtithe éagsúla. Bunaíodh Meitheal a raibh trí leibhéal inti:

- *An Coiste Stiúrtha*: Comhstiúrthóirí na Meithle maraon le Cinn Roinne/Aonaid eile a bhí gníomhach i mbunú an struchtúir:
 - Dr John Walsh, Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh
 - Dr Máirín Nic Eoin, Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
 - An tOllamh Dónall Ó Baoill, Scoil na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh, Ollscoil na Banríona
 - Dr Áinéad Ní Mhuirthile, Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál
 - An tOllamh Liam Mac Mathúna, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- *An Mheitheal Siollabais*: saineolaithe ar ghnéithe éagsúla de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge:
 - Dr Muiris Ó Laoire, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí
 - Dr Ríona Ní Fhrighil, Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig, Droim Conrach
 - Aisling Ní Bheacháin, Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
 - Máire Ní Neachtain, Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál
 - Siuán Ní Mhaonaigh, Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
 - Dr Caoimhín Ó Dónaill, Scoil na dTeangacha agus na Litríochta, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin
 - Eimhear Ní Dhuinn, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, An Coláiste Ollscoile.

- *An Mheitheal Tacaíochta*: Ionadaithe ó na hinstiúidí atá rannpháirteach. Chuathas i dteagmháil leis na Cinn Roinne/Aonaid i ngach instiúid tríú leibhéal ina bhfuil an Ghaeilge á teagasc agus iarradh orthu ionadaí a ainmniú. Is é ról na n-ionadaithe seo ná feidhmiú mar nasc agus mar phointe teagmhála idir an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge agus Roinn/ Scoil/ Aonad na Gaeilge ina gcuid instiúidí.

Cé go bhfuil sé dúshlánach an struchtúr seo a bhainistiú, creidimid gur gá é a bheith ann chun na riachtanais éagsúla atá ag an tionscadal siollabais seo a chomhlíonadh.

An Tionscadal Siollabais: Obair na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

In Aibreán 2008, chuir an Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal iarratas chuig Foras na Gaeilge, faoi Scéim na nÁiseanna Teagaisc, d'fhonn Tionscadal Siollabais a chur ar bun, a mbeadh sé mar chuspóir aige Siollabas agus ábhar samplach teagaisc don chéad bhliain ollscoile a dhearadh agus a chruthú, siollabas a bheadh bunaithe ar leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha. D'éirigh leis an iarratas agus chuathas i mbun oibre láithreach. Is éard a bhí i gceist ón tús ná go gceapfaí Bainisteoir Tionscadail, a bheadh ag obair faoi stiúir Choiste Stiúrtha an tionscadail, agus i gcomhar leis na saineolaithe teanga a bhí mar bhaill den Mheitheal Siollabais. Bheadh an Bainisteoir Tionscadail freagrach as dearadh agus cruthú an tsiollabais nua, chomh maith le dearadh agus cruthú na n-áiseanna teagaisc samplacha a ghabhfadh leis an Siollabas. Is ar bhonn cómhaoinithe atá an tionscadal á eagrú, le tacaíocht leanúnach ó na hinstiúidí rannpháirteacha: tacaíocht ar leibhéal na foirne (sainchomhairle agus cúnaimh praiticiúil ón Meitheal Siollabais); costais taistil (chun gur féidir leis na rannpháirtithe freastal ar chruinnithe); tacaíocht fhisiciúil agus riaracháin (ó Choláiste Phádraig); tacaíocht theicniúil (ó Choláiste Phádraig agus ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin). Is cur chuige an-éifeachtúil ó thaobh costais de atá i gceist anseo, cé nár mhiste a aithint gur ar bhonn deonach, anuas ar a ngnáthualach oibre, atá an obair ar fad á dhéanamh ag na príomhrannpháirtithe.

Mar thoradh ar phróiseas poiblí earcaíochta, ceapadh Ailín Ní Chonchúir mar Bhainisteoir Tionscadail ar 17 Samhain 2008. Cuireadh stáisiún oibre, ríomhaire agus seirbhísí tacaíochta ar fáil di i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Agus í ag obair faoi stiúir Chomhstiúrthóirí an Tionscadail, i gcomhar le saineolaithe teanga na Meithle Siollabais, chuathas chun oibre chun Siollabas Cuimsitheach don Chéad Bhliain Ollscoile a chur i dtoll a chéile, maraon le háiseanna samplacha teagaisc bunaithe ar an Siollabas sin. Agus an siollabas á chur i dtoll a chéile, cuireadh cúnamh ar fáil don Bhainisteoir Tionscadail sna réimsí seo a leanas den obair:

- (1) *Bunús taighde faoin tionscadal*: Buneolas maidir le staid reatha mhúineadh na Gaeilge ar an tríú leibhéal nár cuireadh ar fáil ag Fóram 2008 ná sa leabhar a d'éascair as an bhFóram. Socraíodh go ndéanfaí anailís ar riachtanais na bhfoghlaimoírí trí shraith grúpaí fócais a chur ar bun le mic léinn i roinnt de na hinstiúidí. Fostaíodh an taighdeoir Karen Ní Chlochasaigh mar Chúntóir Taighde chun grúpaí fócais a chur ar bun i gceithre instiúid agus díriodh sa taighde cáilíochtúil sin ar riachtanais cineálacha éagsúla foghlaimoira (ina measc cainteoirí T1 agus T2, agus mic léinn a raibh conairí éagsúla léinn á leanúint acu - ábhar oidí B Oid, mic léinn BA sa Léann Daonna, mic léinn iarchéime san Oideachas ina measc). Cuireadh tuarascáil maidir le staid reatha mhúineadh na Gaeilge sna coláistí éagsúla (acmhainní, cúrsaí srl.) i dtoll a chéile chomh maith. Cuireadh an tuarascáil sin, agus anailís ar na grúpaí fócais, ar fáil don Bhainisteoir Tionscadail.
- (2) *Seisiún Eolais*: Eagraíodh seisiún eolais do Chinn Roinne agus do bhaill uile na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal chun dul chun cinn na hoibre a mhíniú do na rannpháirtithe ar fad, agus chun ceisteanna a bhainfeadh le cur i bhfeidhm an tsiollabais a phlé.
- (3) *Tacaíocht theicniúil*: Ba léir go mbeadh tacaíocht de dhíth le cruthú agus táirgeadh na n-ábhar samplach siollabais a chur i gcrích agus, chuige sin, socraíodh méid beag den bhuiséad a chur ar leataobh chun innealltóir fuaime/físe a fhostú chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an ábhar digiteach.
- (4) *Profáil*: Rinneadh socrú le heagarthóir gairmiúil chun profléitheoireacht a dhéanamh ar an siollabas agus ar na hacmhainní samplacha.
- (5) *Dearadh*: Fostaíodh dearthóir chun leagan amach an ábhair agus dearadh an tsuímh ghréasáin ina mbeadh sé á fhoilsiú a eagrú.
- (6) *Seoladh an tsiollabais*: Cuireadh an siollabas nua, maraon leis na hacmhainní samplacha, i láthair na n-instiúidí ag tús na bliana acadúla, Meán Fómhair 2009.
- (7) *Foilsíú agus dáileadh*: Is go leictreonach atá an siollabas foilsithe, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail, www.teagascnagaeilge.ie, suíomh atá á riaradh ag Caoimhín Ó Dónaill in Ollscoil Uladh. Is faoi na hinstiúidí éagsúla atá sé an t-ábhar a chur ar fáil dá gcuid teagascóirí trí phróiseas cóipeála nó trí leas a bhaint as timpeallachtaí fíorúla foghlama mar Moodle nó Blackboard.

Tá an siollabas nua bunaithe ar leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha. Tá an siollabas dírithe ar fhorbairt inniúlachtaí an

fhoghlaimoora, idir inniúlachtaí ginearálta foghlama agus inniúlachtaí cumarsáideacha a bhaineann go dílis le foghlaim teangacha (inniúlachtaí teangeolaíocha, inniúlachtaí sochtheangeolaíocha agus inniúlachtaí pragmatacha). Tá ábhar an tsiollabais leagtha amach i bhfoirm topaicí a spreagfaidh féinfheasacht, feasacht teanga agus feasacht chultúrtha. Cur chuige tascbhunaithe atá i gceist agus déantar scileanna foghlama agus scileanna teanga na mac léinn a fhorbairt trí thascanna a bhunú ar théacsanna dílse Gaeilge (An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal 2009).

Is é an cúram atá orainn anois ná cur i bhfeidhm an tsiollabais nua, agus díreofar sa chuid eile den pháipéar seo ar na dúshláin agus ar na deiseanna a chruthóidh ceist sin an chur i bhfeidhm sna hinstiúidí éagsúla léinn atá rannpháirteach go dtí seo sa tionscadal.

(1) Sceidealú

Tá an siollabas bunaithe ar an tuiscint go mbeidh ar a laghad dhá sheisiún teagaisc teanga in aghaidh na seachtaine ag mic léinn na chéad bhliana ó cheann ceann na bliana. Síltear gur fearr 20 seisiún dúbailte seachas 40 seisiún singil, sa chaoi go bhféadfaí na scileanna éagsúla teanga a chleachtadh ar bhealach comhtháite, an cur chuige tascbhunaithe a chur i bhfeidhm agus an fhoghlaim fhéinriartha a spreagadh. Tuigtear, áfach, nach mbíonn dhá sheisiún teagaisc ar fáil i ngach uile instiúid, agus, sa chás go mbíonn dhá sheisiún, nach gá gur mar sheisiúin dhúbailte a eagraítear iad. Beidh gá le tacaíocht instiúideach d'athruithe sa chlár ama, agus, sa chás nach féidir na hacmhainní ama a chur ar fáil, beidh ar instiúidí leagan coimrithe den siollabas a chur i bhfeidhm, rud a mbeidh impleachtaí aige do shainiú na gcuspóirí foghlama agus d'inchomparáideacht na dtorthaí. Moltar do na ranna Gaeilge gach deis a thapú le huaireanta breise teagmhála foirmiúla leis an teanga a chruthú do na mic léinn trí sheisiúin fhéinrochtana teanglainne, seisiúin chainte nó seisiúin foghlama ríomhchuidithe a chur ar fáil timpeall ar thopaicí an tsiollabais.

(2) Oiliúint teagascóirí

Gné thábhachtach de chur i bhfeidhm an tsiollabais is ea oiliúint teagascóirí, sa chaoi go dtuigfear na prionsabail a bhfuil an siollabas bunaithe orthu, go háirithe prionsabal na foghlama féinriartha. Caithfear a chur ina luí ar theagascóirí nach ionann siollabas agus cúrsa réamhcheaptha teagaisc, agus gurb é feidhm na n-áiseanna samplacha a

ghabhann leis an siollabas ná múnlaí eiseamláracha a chur ar fáil den chineál foghlama tascbhunaithe is féidir a chur sa tsiúl i gcomhthéacs theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal. Níor mhór an gaol idir siollabas agus tascanna ranga a léirmhíniú sa chaoi go gcuirfear ar chumas teagascóirí ábhar dá gcuid féin a dhearadh ar mhúnla an ábhair shamplaigh, ach a bheidh bunaithe ar spriocanna cinnte teagaisc agus foghlama. Ba é an deacracht ba mhó a bhain leis na pacáistí teagaisc *Dúshraith*, *Forás* agus *Céim ar Chéim* ar tagraíodh dóibh thuas, ná nár féachadh leis an ábhar teagaisc iontu a fhorbairt nó a chur in oiriúint do ghrúpaí éagsúla. Cuireadh ar fáil mar áiseanna teagaisc do theagascóirí iad, gan iad a shuíomh i gcomhthéacs bhunphrionsabail an tsiollabais a bhí le cur i bhfeidhm. Maidir leis an siollabas nua, beidh cúrsaí oiliúna rí-thábhachtach, go háirithe nuair atá na teagascóirí iad féin ag teacht ó chúlraí éagsúla acadúla agus gairmiúla. Ba chóir go bhféachfadh clár oiliúna teagascóirí le bunphrionsabail an tsiollabais nua a mhíniú agus a léiriú don léachtóir Roinne, don teagascóir óg ar mac léinn iarchéime é/í agus don teagascóir páirtaimseartha atá ag teacht, b'fhéidir, ó chúlra láidir teagaisc bhunscoile nó mheánscoile. Beidh cothú na féinfheasachta, na feasachta teanga agus na feasachta sochtheangeolaíche mar ghnéithe lárnacha de chur i bhfeidhm an tsiollabais ó thús deireadh. Glactar leis go mbeidh éagsúlacht caighdeáin i gceist i measc mhic léinn na chéad bhliana agus go mbeidh ar theagascóirí freastal ar an éagsúlacht caighdeáin sin fiú taobh istigh d'aon ghrúpa teagaisc amháin. Tá múnla agus moltaí curtha ar fáil do cheardlanna oiliúna, ach is faoi na hinstitiúidí ar leith atá sé seisiúin oiliúna a eagrú dá gcuid léachtóirí agus teagascóirí féin.

(3) Measúnú

Beidh éifeacht chur i bhfeidhm an tsiollabais ag brath cuid mhaith ar na modhanna measúnaithe a úsáidfear leis an bhfoghlaim a mheas. Tá sé tábhachtach go n-aithneoidh na mic léinn go bhfuil dlúthghaol idir na straitéisí foghlama atá á moladh sa siollabas agus an mheastóireacht a dhéanfar ar a gcuid inniúlachtaí teanga le linn an chúrsa agus ag deireadh na bliana. Beidh ar ranna Gaeilge na modhanna measúnaithe seanbhunaithe – aiste, aistriúchán, ceistanna meicniúla gramadaí; scrúdú cainte ar agallamh aontreoch go hiondúil é – a athbhreithniú agus a leasú. Is í an cheist is tábhachtaí anseo ná modhanna measúnaithe a chothaíonn freagraí foirmlíocha (ó bhéal nó i scríbhinn) a sheachaint agus creidiúint a thabhairt d'fhorbairt inniúlachta,

do rannpháirtíocht ghníomhach agus d'fheasacht teanga an fhoghlaimora. Cuideoidh an Filleán Foghlama, ar cuid dhílis den siollabas é, leis na cuspóirí foghlama a shainiú agus na torthaí foghlama a mheas ar bhonn leanúnach.

(4) Taighde ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal:

Moltar tionscnaimh thaighde a bhunú timpeall ar chur i bhfeidhm an tsiollabais sna coláistí éagsúla agus na tionscnaimh sin a nascadh le forbairt ábhar measúnaithe don siollabas féin. Tá gá ar leith le huirlisí taighde a fhorbairt le hiniúchadh a dhéanamh ar straitéisí an fhoghlaimora Gaeilge ar an tríú leibhéal agus ar an ngaol idir na cuspóirí foghlama agus na torthaí foghlama sna réimsí éagsúla inniúlachta teanga atá i gceist sa siollabas.

(5) Maoiniú

Ní bheifear in ann dul ar aghaidh go dtí Céim 2 agus 3 den tionscadal (siollabas do bhliain 2 agus 3 de chúrsa fochéime) gan maoiniú a bheith ar fáil a chinnteoidh go mbeidh Bainisteoir Tionscadail agus acmhainní tacaíochta don tionscadal ar fáil. Baineadh úsáid an-éifeachtach as sainacmhainní na Meithle go dtí seo, go háirithe as na sainscileanna atá ag baill áirithe den Mheitheal Siollabais i leagan amach siollabais, i bhforbairt acmhainní teagaisc, i gcruthú áiseanna leictreonacha teagaisc agus foghlama, i gcúrsaí oiliúna agus measúnaithe. Beidh gá le híosmhéid áirithe maoinithe leis an gcomhoibriú idir-institiúideach atá cothaithe ag an Tionscadal a chaomhnú, ach is sampla iontach é an obair atá curtha i gcrích go dtí seo d'éifeachtúlacht an chomhoibríthe idir-institiúidigh agus de thíosacht choincheap na Meithle. Creidimid gur mhithid do phobal Léann na Gaeilge teacht i dtír ar spiorad seo an chomhoibríthe, mar is cinnte go mbeidh gá le tacaíocht leanúnach as seo amach ó na hinstiúidí tríú leibhéal agus ó na heagraíochtaí agus na húdaráis léinn agus ardoideachais a bhfuil freagracht orthu maidir leis na bunacmhainní foghlama agus teagaisc atá riachtanach do thodhchaí Léann na Gaeilge ar an tríú leibhéal a sholáthar.

Ag comhdháil a tionóladh i gColáiste Mhuire gan Smál sa bhliain 1994, faoin teideal 'Na Teangacha Neamhforleathana agus Oiliúint Mhúinteoirí: Ag díriú ar an ngné Eorpach', luaigh Eoghan Mac Aogáin ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann an Fráma

Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha agus é ag tagairt don obair a bhí le déanamh go fóill maidir le gné na teanga d'oiliúint múinteoirí:

Sketching the learner profile for a language is an essential part of what I refer to as 'putting it on the map'. Other important steps, which will have to be taken by those in charge of teacher education, are the standardisation of learning and testing materials. It would be to the advantage of any Lesser Widely Taught and Used Language, if it had the opportunity, to make sure that learning materials currently being written, or planned, should conform to the Council of Europe's framework for communicative language learning. (Mac Aogáin 1995: 21)

Tá obair mhór déanta ó shin i leith maidir le forbairt an Fhráma Tagartha féin (Council of Europe Modern Language Division 2001; Little 2002; Little 2006; Ní Ghallachair 2009) agus is tráthúil, dá bhrí sin, go mbeimis ag obair anois ar shiollabas Gaeilge don tríú leibhéal a fhorbairt i gcomhthéacs an taighde idirnáisiúnta ar fhoghlaim teangacha is ar phleanáil siollabais agus i gcomhthéacs dhearbhu caighdeáin agus chothú an dea-chleachtais i dteagasc teangacha in earnáil an ardoideachais.

Is fráma tagartha idirnáisiúnta é an Fráma Tagartha Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha. Creidimid gurb é an Fráma Tagartha sin a bheidh mar bhonn don chomhthuiscint idirnáisiúnta maidir le torthaí foghlama i gcomhthéacs Phróiseas Bologna, próiseas atá le cur i bhfeidhm ar fud chóras ardoideachais na hEorpa sa tréimhse atá amach romhainn. Tá deis againn anois athshainiú a dhéanamh ar ár gcuid cuspóirí féin agus iad a shuíomh taobh istigh de chomhthéacs an dea-chleachtais idirnáisiúnta i bhfoghlaim teangacha i gcoitinne. Mar a scríobh Tudor : 'increased international cooperation, which is another stated goal of the Bologna Process, offers language teachers the possibility of initiating joint projects with colleagues in other countries and, in this way, of developing shared responses to shared challenges.' (2004: 10-11)

Is mar sin a fheicimid an tionscnamh náisiúnta a bhfuil cur síos déanta air san alt seo: comhiarracht ar dhul i ngleic le dúshlán a aithníonn gach duine atá ag plé le teagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal in Éirinn. Má tá rath le bheith ar an tionscnamh, níor mhór dúinn monatóireacht rialta a dhéanamh air, agus múnlaí taighde a fhorbairt comhthreomhar leis a chuideoidh linn an gaol idir cuspóirí, straitéisí agus torthaí foghlama a ríomh agus a mheas.

Bhí Institiúid Teangeolaíochta Éireann mar thaca ag lucht teagaisc na Gaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais tráth. Mar a luadh thuas, bhí ról lárnach ag an Institiúid i dtionscnaimh thaighde agus i dtionscnaimh forbartha acmhainní teagaisc do na coláistí tríú leibhéal. Níl an tacaíocht sin ar fáil dúinn a thuilleadh, agus, dá bhrí sin, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh aitheantas institiúideach á fháil ag an teangeolaíocht fheidhmeach sna coláistí tríú leibhéal agus go mbeadh taighde ar theagasc na Gaeilge ar an tríú leibhéal á aithint mar réimse tábhachtach taighde ann féin. D’fhéadfadh tacaíocht a bheith ar fáil dúinn amach anseo trí scéimeanna de chuid an Údaráis um Ardoideachas, scéimeanna a dhíríonn ar chúrsaí teagaisc agus foghlama ar nós scéimeanna an Chiste um Nuáil Straitéiseach (SIF). Mar phobal Léann na Gaeilge beimid ag brath cuid mhaith amach anseo ar ár gcumas comhoibrithe, i gcomhthéacs an teagaisc agus an taighde agus i gcomhthéacs deiseanna maoinithe don dá ghné lárnach sin dár gcuid oibre. An rud is tábhachtaí ná go dtuigfimis gur gné thábhachtach dár gcuid oibre mar shaothraithe i ngort Léann na Gaeilge í teagasc na teanga féin. Níor mhór dúinn a bheith ag machnamh i dtéarmaí níos leithne ná téarmaí ár gcuid institiúidí féin má táimid le cothrom na Féinne a bhaint amach dár gcuid mac léinn san fhadtéarma. Tá gá le táscairí grád acadúla a mbeimid aontaithe ina dtaobh go náisiúnta. Tá gá le táscairí inniúlachta so-aitheanta maidir leis na mórscileanna teanga. Tá gá le comhthuiscintí idir-institiúideacha maidir le huaireanta teagmhála agus múnlaí dea-chleachtais i dteagasc teangacha. Níor mhór dúinn ár gcuid teagaisc a fheiceáil i dtéarmaí spriocanna foghlama agus torthaí foghlama a bheidh oiriúnach do na conairí gairme a bheidh á nglacadh ag ár gcuid mac léinn, agus a bheidh soiléir agus sothuigte do na mic léinn iad féin agus iad ag gabháil tríd an gcúrsa. Agus níor mhór dúinn an nuatheicneolaíocht a úsáid ar mhaithe le feasacht foghlama seachas fusacht teagaisc. Ní beag iad na dúshláin atá romhainn, ach tá deiseanna móra ann anois freisin más féidir linn iad a thapú ar mhaithe lenár gcuid mac léinn.

Tagairtí:

- An Chigireacht. 2007. *Irish in the Primary School* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath).
- An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal. 2009. *Siollabas Nua don Chéad Bhliain Ollscoile*, ag www.teagascnagaeilge.ie
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. 2002. *Preparing Teachers for the 21st Century: Report of the Working Group on Primary Preservice Teacher Education* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath).
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. 2008. *An Ghaeilge sa Bhunscoil* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath).
- Conradh na Gaeilge. 2005. *1+1+1: Ceist na dTeangacha i gCóras Oideachais na hÉireann* (Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath).
- Council of Europe. 2001. *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment* (Cambridge, Cambridge / Council of Europe).
- Council of Europe/ An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. 2007. *Language Education Policy Profile: Ireland* (Language Policy Division/ Department of Education and Science, Strasbourg/ Dublin).
- Buttimer, Neil. 2004. 'BCL (Dlí agus Gaeilge) UCC: Cás-Staidéar' in Nic Pháidín & uí Bhraonáin (eag.) *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshlán agus Léargais*, 91-103.
- Harris, John & P. Forde, P. Archer, S. Nic Fhearaile & M O'Gorman. 2006. *Irish in Primary Schools: Long-term National Trends in Achievement* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Baile Átha Cliath).
- Kirk, John M. & Dónall Ó Baoill (eds.). 2002. *Language Planning and Education: Linguistic Issues in Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland* (Cló Ollscoil na Banríona, Belfast).
- Knipe, Damian & Joe Ó Labhraí. 2004. 'Eispéiris Forbartha Gairmiúla Múinteoirí san Earnáil Lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann' *Taighde agus Teagasc* 4, 111-31.
- Little, David. 2002. 'The European Language Portfolio: structure, origins, implementation and challenges' *Language Teaching* 35, 182-9.
- Little, David. 2006. 'The Common European Framework of Reference for Languages: Content, purpose, origin, reception and impact' *Language Teaching* 39, 167-90.
- Little, David. 2008. *Todhchaí na dTeangacha i gCóras Oideachais na hÉireann: BEARTAS, CURACLAM, OIDEOLAÍOCHT/ The Future of Languages in Irish Education: POLICY, CURRICULUM, PEDAGOGY* (Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath).
- Mac Aogáin, Eoghan. 1995. 'Gaeilge/ Irish' in Eilís Ní Dheá, Máire Ní Neachtain & Antóin Ó Dubhghaill (eag.) *Na Teangacha Neamhghorleathana agus Oiliúint Mhúinteoirí: Ag díriú ar an ngné Eorpach* (Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach), 8-25.
- Mac Mathúna, Liam. 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Difriúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal' *Teagasc na Gaeilge* 8, 48-59.
- Máirtín, Caoimhe. 2005. 'Oiliúint an Mhúinteora Bunscoile agus Forbairt na Gaeilge' i Conradh na Gaeilge, *1+1+1*, 91-8.

- Modern Language Division, Strasbourg. 2001. *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment* (Council of Europe/ Cambridge University Press, Cambridge).
- Nic Eoin, Máirín. 2009. ‘Coláiste Phádraig, Droim Conrach’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 6-13.
- Nic Pháidín, Caoilfhionn & Donla uí Bhraonáin. 2004. *I dTreo na hOllscolaíochta Gaeilge* (Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath).
- Nic Pháidín, Caoilfhionn & Donla uí Bhraonáin. 2004. *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais* (Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath).
- Nic Pháidín, Caoilfhionn. 2004. ‘An Ollscolaíocht Ghaeilge – ré seo na húire’ in Nic Pháidín & uí Bhraonáin (eag.) *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais*, 21-39.
- Ní Fhrighil, Ríona & Máirín Nic Eoin (eag.). 2009. *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga: Múineadh agus Foghlaim na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal* (Cois Life, Baile Átha Cliath).
- Ní Ghallachair, Anna. 2009. ‘An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Fíricí agus finscéalta’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 59-72.
- Ní Loingsigh, Máiréad. 2009. ‘Coláiste na hOllscoile, Corcaigh’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 46-51.
- Ní Mhuirthile, Áinead. 2009. ‘Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 40-5.
- Ó Baoill, Dónall. 1081. *Earráidí Scríofa Gaeilge Cuid III: Réamhfhocail agus Comhréir* (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath).
- Ó Baoill, Dónall & Conchúr Ó Rónáin. 1980, 1982. *Úrchúrsa Gaeilge* (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath).
- Ó Baoill, Dónall & Éamonn Ó Tuathail. 1992. *Úrchúrsa Gaeilge* (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath).
- Ó Baoill, Dónall. 2009. ‘Teagasc na Gaeilge in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 26-30.
- Ó Cinnéide, Micheál. 2004. ‘Ollscolaíocht Ghaeilge le béim ar leith ar riachtanais na Gaeltachta’ in Nic Pháidín & uí Bhraonáin (eag.) *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais*, 51-67.
- Ó Conchubhair, Brian (ed.). 2008. *Why Irish? Irish Language and Literature in Academia* (Arlen House, Galway).
- Ó Conchubhair, Brian. 2008. ‘An Ghaeilge mar Ábhar in Ollscoileanna Mheiriceá/ The Irish Language in American Universities’ in Ó Conchubhair (ed.) *Why Irish?* 131-200.
- Ó Cuív, Éamon. 2008. ‘Cur Chun Cinn na Gaeilge ar fud na Cruinne/ Promoting the Irish Language Worldwide’ in Ó Conchubhair (ed.) *Why Irish?* 201-14.
- Ó Domhnalláin, Tomás & Dónall Ó Baoill. 1978. *Earráidí Scríofa Gaeilge Cuid I: Earráidí Briathra* (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath).
- Ó Domhnalláin, Tomás & Dónall Ó Baoill. 1979. *Earráidí Scríofa Gaeilge Cuid II: Earráidí sna hAinmfhocail, Cáilitheoirí Forainmneacha, Cónaisc agus Sna Míreanna* (Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Baile Átha Cliath).
- Ó Dónaill, Caoimhín. 2009. ‘Teagasc ríomhchuidithe teangacha: An cur chuige in Ollscoil Uladh’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 122-38.
- Ó Duinnshléibhe, Seán. 2003. *An Ghaeilge sa Chóras Oideachais Tríú Leibhéal: Clár*

- Léinn ar leith* (COGG, Baile Átha Cliath).
- Ó Háinle, Cathal. 2003. ‘Múineadh na Gaeilge ar an Dara Leibhéal agus ar an Tríú Leibhéal: Cleachtais agus Riachtanais: Aitheasc Fáiltithe Comhdhála’ *Teagasc na Gaeilge* 8, 11-4.
- Ó hIfearnáin, Tadhg. 2004. ‘Riachtanais an phobail teanga agus cothú an éilimh ar ollscolaíocht Ghaeilge’ in Nic Pháidín & uí Bhraonáin (eag.) *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais*, 41-50.
- Ó hIfearnáin, Tadhg & Deirdre Ní Loingsigh. 2009. ‘Ollscoil Luimnigh’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 52-8.
- Ó Laoire, Lillis. 2003. ‘Múineadh na Gaeilge ag an Treas Leibhéal: Cá bhfuil ár dTriall?’ *Teagasc na Gaeilge* 8, 60-70.
- Ó Murchadha, Niall. 2004. *An Ghaeilge sna Coláistí Oideachais: Tuairisc Taighde don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta* (COGG, Baile Átha Cliath).
- Ó Súilleabháin, Micheál. 2004. ‘Tacaíocht ollscoile don Ghaeilge: Cén chúis, cén chaoi?’ in Nic Pháidín & uí Bhraonáin (eag.) *Ollscolaíocht Ghaeilge: Dúshláin agus Léargais*, 77-90.
- Ruane, Mary. 2005. ‘Ag Forbairt Cur Chuige Imeachtha maidir le hOideachas Oidí Teangacha’ i Conradh na Gaeilge *1+1+1*, 98-108.
- Scott, Maolcholaim & Róise Ní Bhaoill (eds.). 2003. *Gaelic-Medium Education Provision: Northern Ireland, the Republic of Ireland, Scotland and the Isle of Man* (Cló Ollscoil na Banríona, Belfast).
- Tudor, Ian. 2004. ‘The challenge of the Bologna Process for Higher Education Language Teaching in Europe’, 1-13. Le fáil ag an suíomh: http://userpage.fu-berlin.de/~enlu/downloads/Bologna_ENLU_OK.rtf (léite 12 Feabhra 2009)
- Uí Chollatáin, Regina. 2009. ‘An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath’ in Ní Fhrighil & Nic Eoin (eag.) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga*, 31-9.